

Ceisteanna a Chuirtear go Minic faoi an gCruinniú AFMÁ

NÓTA: Baineann na tagairtí leathanaigh uile le:

Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, an Dara hEagrán, NCCA, Aibreán 2018

1. Ar chóir do gach múinteoir Eolaíochta i roinn an ábhair freastal ar chruinniú AFMÁ?

Luaitear in Alt 2.12.3 de [Chiorclán ROS 0015/2017](#) i ndáil leis seo (leathanach 16) “Nuair a bheidh MRBna curtha i gcrích ag scoláirí, déanfaidh múinteoirí measúnú ar MRBna na scoláirí agus déanfar na torthaí a thuairisciú do na scoláirí agus do na tuismitheoirí / caomhnóirí. Chun tacú le múinteoirí chun measúnú a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe na scoláirí, beidh na múinteoirí rannpháirteach i gCruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (cruinnithe AFMÁ).” Má fheictear daoibhse, mar Roinn Eolaíochta, gur fiú do mhúinteoirí eile freastal, ansin tá an tsaoirse agaibh ag an leibhéal áitiúil a shocrú má tá siad chun freastal agus cén cineál ionchuir a bheadh acu ag an gcruinniú AFMÁ.

2. Cad é a tharlaíonn má bhíonn múinteoir as láthair ar an dáta a pleanáladh don chruinniú AFMÁ?

Deirtear sna Treoirlínte Measúnaithe (leathanaigh 13&14) “Is tábhachtach an rud é na hamanna agus na dátaí a shocrú lena gcur i ngníomh chomh luath agus is féidir. Is é an t-eochairdháta a chaithfear a shocrú ar an gcéad dul síos ná an dáta le haghaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair don ITS. Agus an dáta sin á shocrú ag an scoil, caithfidh sí a dálaí áitiúla a chur san áireamh.” Trína dhearbhu ón tús go bhfuil dáta comhaontaithe agaibh don chruinniú AFMÁ cabhróidh se sin lena chinntiú go mbíonn gach duine ar fáil le freastal air. Ma bhíonn asláithreach ann nach féidir a sheachaint, socrófar de réir na dtosca áitiúla cé acu is féidir an cruinniú a athsceidealú nó nach féidir.

3. An féidir achomharc a dhéanamh ar thuairiscín?

Is í an scoil a bhreathnóidh i ndiaidh ceisteanna maidir leis an ITS, sa chás go n-ardaítear iad. (Treoirlínte Measúnaithe, leathanach 23).

4. Cén uair a tharlaíonn an cruinniú AFMÁ?

Nuair a bhíonn an ITS curtha i gcrích, is é sin idir Dé hAoine 20 Aibreán agus Dé hAoine 18 Bealtaine, 2018. Is é an dáta is déanaí don chruinniú AFMÁ Dé Luain 28 Bealtaine, 2018 (Treoirlínte Measúnaithe, leathanach 14). Déanaigh an CNCM dátaí an MRB agus an AFMÁ a uasdátú gach bliain ar www.ncca.ie.

5. Cad é a tharlaíonn mura féidir teacht ar chomhréiteach i gcruinniú AFMÁ?

I gcruinniú AFMÁ, beidh múinteoirí “páirteach i gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ina ndéanfaidh siad samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus ina ndéanfaidh siad comhthuiscint a fhorbairt faoi cháilíocht foghlaim scoláirí. Cuideoidh an tacaíocht struchtúrtha seo Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBna) le comhsheasmhacht agus cothroime a dheimhniú laistigh den scoil agus idir scoileanna nuair a bheidh breithmheas á dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí.” (Creat don tSraith Shóisearach, 2015, leathanaigh 8-9). Is trí phlé a thagtar ar chomhréiteach faoi na caighdeáin. Sa chás nach féidir teacht ar chomhréiteach, ba chóir nóta a dhéanamh de sin i dtuairisc an éascaitheora ar an gcruinniú.

6. An gá duit obair uile an scoláire a athmheas i ndiaidh an chruinnithe AFMÁ?

“Tar éis an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an bpíosa oibre ar an gcéad dul síos a chur ina cheart.” (Treoirlínte Measúnaithe, leathanach 22)

7. Cad é a tharlaíonn mura mbíonn sampla agat ó gach tuairisceoir?

Ainmneoidh tusa, mar mhúinteoir, 4 shampla de shaothar scoláire. Is é ceann de chuspóirí an chruinnithe AFMÁ go dtiocfar ar comhthuiscint faoi chaighdeán agus ba chóir do mhúinteoirí smaoineamh ar shamplaí a thabhairt chun an chruinnithe a mheasann siad a chuirfeadh leis an bplé chun an chomhthuiscint sin a fhorbairt. I ndiaidh dóibh plé a dhéanamh lena gcomhghleacaithe roinne faoi na samplaí a ba mhaith leo a roinnt ag an AFMÁ, socróidh an t-éascaitheoir ord reatha sna samplaí de shaothar scoláirí a bheidh le meas ag an gcruinniú AFMÁ.

8. An roinntear le Príomhoide na scoile na cinntí a dhéantar?

Cuirfidh éascaitheoir an AFMÁ tuairisc le chéile bunaithe ar chinntí agus ar thorthaí an chruinnithe AFMÁ agus cuirfeadh é sin faoi bhráid Phríomhoide do scoile. B'fhéidir gur mhaith leat cóip den tuairisc a choimeád le taifid na roinne agus chun bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim san ábhar amach anseo.

9. Cad é a dhéanann tú leis na torthaí, ionas gur féidir iad a chur ar an PGSS?

Tá breis eolais ar fáil ón ROS i dtaca le tuairiscíní Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don PGSS ach an nasc seo a leanas a leanúint <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services>Returns/Post-PrimaryOnline-Database-P-POD-Project/>

10. An bhfaigheann éascaitheoir an AFMÁ liúntas ama?

Is é a luaitear ar Alt 3.3 de Chiorclán 0015/2017 (leathanach 26) “Déanfaidh bainistíocht scoile **dhá uair** an chloig bhreise a leithdháileadh ar mhúinteoir **ar bhonn rothlaithe**, chun **ullmhúchán agus comhordú** a dhéanamh ar gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair d’ábhar nó do ghearrchúrsa aonair, lena n-áirítear dearbhú a sholáthar do bhainistíocht na scoile go raibh an cruinniú ann agus tuairiscíní bronnta agus tuairiscithe. ... Tagann sin **sa bhreis ar an 22 uair an chloig d’am gairmiúil a leithdháiltear** laistigh den amchlár ar gach múinteoir lánaimseartha ó 2017/18 ar aghaidh.”

11. An dtugtar an obair ar ais do scoláirí nó an stóráiltear sa scoil í?

Sea, tugtar a gcuid oibre ar ais do scoláirí nuair a bhíonn athmhachnamh déanta agatsa, an múinteoir, ar an mbreithmheas ar obair an scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe AFMÁ agus nuair a bhíonn tuairisceoir deiridh bronnta ar an bpósa oibre. Is féidir leis an éascaitheoir a iarraidh ar mhúinteoirí freisin, mura miste leo, roinnt oibre de chuid na scoláirí a thabhairt suas le haghaidh stór samplaí:

- Chun cabhrú le hionduchtú múinteoirí nua.
- Chun cur le Cruinnithe eile don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.
- Chun iad a úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí leis an gcaighdeán oibre a baineadh amach a léiriú.

12. Conas a chuirfeadh in iúl le linn chruinniú AFMÁ cé mhéad tacaíochta ó mhúinteoir a tugadh do scoláirí le linn an MRB?

Tá sé i gceist go dtabharfaidh múinteoirí treoir agus go ndéanfaidh siad maoirseacht le linn an phróisis trí ‘thacaíocht réasúnta’ a thabhairt (féach leathanach a 9 de na Treoirlínte Measúnaithe). Má bhíonn níos mó ná a mheastar a bheith ina ‘thacaíocht réasúnta’ ag teastáil ó scoláire, is féidir leis an múinteoir nóta a dhéanamh den méid cabhrach a tugadh.

13. Ar chóir go tógadh an MRB áit na scrúduithe samhraidh?

Luaitear in Alt 2.12 de [Chiorclán 0015/2017](#) (leathanach 15) “Is gá an ‘rómhéasúnú’ a sheachaint agus an t-ualach carnach ar scoláirí agus ar mhúinteoirí a bhaineann leis an iliomad measúnuithe sa réimse iomlán ábhar a laghdú a mhéid agus is féidir. Sa chomhthéacs sin, beidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ann in ionad measúnuithe eile a dhéantar sa scoil faoi láthair amhail scrúduithe inmheánacha na scoile.”